Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Márta 2019**
**(OR. en)**

**6756/19**

**Comhad Idirinstitiúdeach:**
**2018/0429 (NLE)**

**TRANS 133**
**EU-GNSS 9**
**MAR 46**
**AVIATION 30**
**ESPACE 15**
**RELEX 177**
**CSC 77**
**COREE 5**

**GNÍOMHARTHA REACHTAÍOCHTA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Prótacal a ghabhann leis an gComhaontú Comhair maidir le Córas Domhanda Sibhialta um Loingseoireacht Satailíte (GNSS) idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile, chun aontachas Phoblacht na Bulgáire, Phoblachta na Cróite agus na Rómáine leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh |

# PRÓTACAL
# A GHABHANN LEIS AN gCOMHAONTÚ COMHAIR
# MAIDIR LE CÓRAS DOMHANDA SIBHIALTA UM LOINGSEOIREACHT SATAILÍTE (GNSS)
# IDIR AN COMHPHOBAL EORPACH
# AGUS A BHALLSTÁIT, DE PHÁIRT,
# AGUS POBLACHT NA CÓIRÉ, DEN PHÁIRT EILE,
# CHUN AONTACHAS PHOBLACHT NA BULGÁIRE,
# PHOBLACHT NA CRÓITE AGUS NA RÓMÁINE LEIS AN AONTAS EORPACH A CHUR SAN ÁIREAMH

TÁ AN tAONTAS EORPACH,

agus

TÁ RÍOCHT NA BEILGE,

POBLACHT NA BULGÁIRE,

POBLACHT NA SEICE,

RÍOCHT NA DANMHAIRGE,

POBLACHT CHÓNAIDHME NA GEARMÁINE,

POBLACHT NA hEASTÓINE,

ÉIRE,

AN PHOBLACHT HEILLÉANACH,

RÍOCHT NA SPÁINNE,

POBLACHT NA FRAINCE,

POBLACHT NA CRÓITE,

POBLACHT NA hIODÁILE,

POBLACHT NA CIPIRE,

POBLACHT NA LAITVIA,

POBLACHT NA LIOTUÁINE,

ARD-DIÚCACHT LUCSAMBURG,

AN UNGÁIR,

POBLACHT MHÁLTA,

RÍOCHT NA hÍSILTÍRE,

POBLACHT NA hOSTAIRE,

POBLACHT NA POLAINNE,

POBLACHT NA PORTAINGÉILE,

AN RÓMÁIN,

POBLACHT NA SLÓIVÉINE,

POBLACHT NA SLÓVAICE,

POBLACHT NA FIONLAINNE,

RÍOCHT NA SUALAINNE,

RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN,

dá ngairtear na 'Ballstáit' anseo feasta,

de pháirt, agus

POBLACHT NA CÓIRÉ,

den pháirt eile,

Á MHEABHRÚ DÓIBH an Comhaontú Comhair maidir le Córas Domhanda Sibhialta um Loingseoireacht Satailíte (GNSS) idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile (dá ngairtear an 'Comhaontú' anseo feasta), a síníodh an 9 Meán Fómhair 2006, a tháinig i bhfeidhm an 1 Iúil 2016, agus, go háirithe, Airteagal 18(3) de;

AG FÉACHAINT D'aontachas Phoblacht na Bulgáire agus na Rómáine leis an Aontas Eorpach an 1 Eanáir 2007 agus d'aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach an 1 Iúil 2013;

ÓS MIAN LEO go n-aontóidh Poblacht na Bulgáire, Poblacht na Cróite agus an Rómáin don Chomhaontú;

Á BHREITHNIÚ DÓIBH Airteagal 6(2) den Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Phoblacht na Bulgáire agus na Rómáine, Airteagal 6(2) den Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Phoblacht na Cróite, na hoiriúnuithe ar na Conarthaí ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe, tá aontachas na Stát sin leis an gComhaontú le comhaontú trí phrótacal a ghabhann leis an gComhaontú a thabhairt i gcrích,

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

AIRTEAGAL 1

Beidh Poblacht na Bulgáire, Poblacht na Cróite agus an Rómáin ina bPáirtithe sa Chomhaontú Comhair maidir le Córas Domhanda Sibhialta um Loingseoireacht Satailíte (GNSS) idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile, agus déanfaidh siad téacs an Chomhaontaithe a ghlacadh agus a thabhairt dá n-aire, faoi seach, ar an dóigh chéanna leis na Ballstáit eile.

AIRTEAGAL 2

Is cuid dhílis den Chomhaontú é an Prótacal seo.

AIRTEAGAL 3

Tá téacsanna an Chomhaontaithe a tarraingíodh suas sa Bhulgáiris, sa Chróitis agus sa Rómáinis i gceangal leis an bPrótacal seo.

AIRTEAGAL 4

Tiocfaidh an Prótacal seo i bhfeidhm an chéad lá den mhí tar éis an dáta ar a mbeidh fógra tugtha ag na Páirtithe do Thaiscí an Chomhaontaithe trí nótaí taidhleoireachta go bhfuil a nósanna imeachta dlíthiúla inmheánacha faoi seach, chun go dtiocfaidh an Prótacal seo i bhfeidhm, tugtha chun críche acu.

DÁ FHIANÚ SIN, chuir na daoine a bhfuil a síniú anseo thíos, agus iad údaraithe go cuí chuige sin ag a rialtais faoi seach, a lámh leis an bPrótacal seo.

Arna dhéanamh i ndúblach, sna teangacha seo a leanas: Béarla, Bulgáiris, Cróitis, Danmhairgis, Eastóinis, Fionlainnis, Fraincis, Gearmáinis, Gréigis, Iodáilis, Laitvis, Liotuáinis, Máltais, Ollainnis, Polainnis, Portaingéilis, Rómáinis, Seicis, Slóivéinis, Slóvaicis, Spáinnis, Sualainnis, Ungáiris agus Cóiréis, agus comhúdarás ag gach téacs.

THAR CEANN AN AONTAIS EORPAIGH

THAR CEANN NA mBALLSTÁT

THAR CEANN PHOBLACHT NA CÓIRÉ